# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2021

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Scéim Mharcála** agus **Nótaí Tacaíochta**

Agus an scéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnúil agus bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.
- Ní freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.
- I gcuid mhaith cásanna sna nótaí tacaíochta, d'fhéadfadh sé go mbeadh eochairfhrásaí a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé nó sí na marcanna sannta.
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Ar an ábhar sin, d'fhéadfadh riachtanais athrú ó bhliain go bliain.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Sa chás go soláthraíonn iarrthóir níos mó pointí bailí ná mar a éilítear i gceist, déantar na pointí iomarcacha is ísle a lascainiú trí lúibíní cearnacha a chur timpeall na marcanna iomarcacha a bhronntar. Ní chuirtear na marcanna breise san áireamh sa mharc iomlán don cheist, laistigh den script nó ar an ngreille ceisteanna ar an gclúdach, agus ní chuirtear san áireamh iad sa mharc iomlán carnach ach oiread.
- Sa scéim mharcála seo baintear úsáid as marcáil tuairisceora chun marcanna a leithdháileadh i gcás codanna áirithe de roinnt ceisteanna i ndail le pointe/pointí a fhorbairt. Sna táblaí thíos tá cóipeanna den mharcáil tuairisceora as ar baineadh úsáid. Bhí an marc tuairisceora a úsáideadh ag brath ar an leithdháileadh marcanna don chuid áirithe sin den cheist.
  Ceisteanna lena ngabhann leithdháileadh 4 mharc – úsáid an tábla seo a leanas:

| 4 marc | 3 marc | 2 marc | 1 marc | 0 marc |
|---|---|---|---|---|
| **Ar fheabhas** | **Maith** | **Cothrom** | **Bocht** | **Lag** |
| • Eolas domhain<br>• Baineann sé le ceist<br>• gonta<br>• Loighciúil | • Roinnt Eolas<br>• teoranta Forbairt | • Doiléire Eolas | • Mearbhall nó Salach ar a chéile Eolas | • Gan eolas<br>• Athdhéanam h Ráiteas a ráiteasdo |

Ceisteanna lena ngabhann leithdháileadh 3 mharc – úsáid an tábla seo a leanas:

| 3 marc | 2 marc | 1 marc | 0 marc |
|---|---|---|---|
| **Ar fheabhas** | **Maith** | **Cothrom** | **Lag** |
| • Eolas domhain<br>• Baineann sé le ceist<br>• gonta<br>• Loighciúil | • Roinnt eolais<br>• teoranta Forbairt | • Doiléire Eolas | • Gan eolas<br>• Athdhéanamh ráiteas a ráiteasdo |


**INNÉACS NA gCEISTEANNA**


| Freagra(í) | Ábhar | Lch (lgh) |
|---|---|---|
| | Pointí le tabhairt faoi deara | 2 |
| 1-10 | **Roinn A** | 3 – 7 |
| | **Roinn B** | |
| 11 | | 8 – 10 |
| 12 | | 11 – 12 |
| 13 | | 13 – 15 |
| 14 | | 16 – 18 |
| 15 | | 19 – 20 |
| 16 | | 21 – 23 |

## Roinn A

| Q | Freagraí féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|

**1** Sa léaráid thíos taispeántar meastachán ar chaiteachas iomlán an rialtais in aghaidh na roinne ina € (billiúin) don bhliain 2021.




**(a)** **(i)** Is é caiteachas measta iomlán an rialtais i ngach roinn ná €89.6 billiún. Ríomh caiteachas measta an rialtais ar an **Oideachas** mar chéatadán de chaiteachas iomlán an rialtais don bhliain 2021. **Taispeáin do chuid oibre.**

8.9/ 89.6 x 100 = 9.93% — **3 @ 4**

**(ii)** Tabhair **dhá** shampla de chaiteachas an rialtais ar an **gCoimirce Shóisialach**. — **1@2** **1@1**

Sochar Dífhostaíochta / Liúntas Tacaíochta Ioncaim / Pinsean Stáit / Tacaíocht Fostaíochta / Tinneas, Míchumas agus Cúramóirí / Sochar Linbh / Íocaíocht Teaghlach i bhFostaíocht

**2** Déan staidéar ar na ráitis thíos agus cuir tic (√) i sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu ráiteas dearfach nó ráiteas normatach é gach ceann acu. — **1 @ 9** **1 @ 6**

| | Ráiteas | Dearfach | Normatach |
|---|---|---|---|
| 1. | In 2022, beidh méadú 10% ar easpórtálacha na hÉireann de thoradh an Bhreatimeachta. | √ | |
| 2. | Tiocfaidh laghdú ar líon na mbásanna má mhéadaítear caiteachas an rialtais ar mhí-úsáid drugaí. | | √ |

**3** (i) Agus tú ag baint úsáide as an bhfoirmle a thugtar, **ríomh praghasleaisteachas éileamh** na dtomhaltóirí nuair athruithe a dhéanamh praghas an cheirisín (ola théite tí) mar gheall ar ardú ar cháin charbóin.

Cuir in iúl cé acu praghasleaisteach nó praghas-neamhleaisteach atá an t-éileamh ar cheirisín.

| | **Líon na nAonad a Ceannaíodh** | **Costas (€)** |
|---|---|---|
| Roimh ardú ar cháin charbóin | 1000 lítear | 800 |
| Tar éis ardú ar cháin charbóin | 750 lítear | 850 |
| | -250 lítear | +50 |

$$\frac{-250}{+50}\, x\, \frac{800+850}{1000+750}$$

**6 @ 2**

**1 @ 2**

Freagra: **- 4.71**

(ii) Cuir in iúl cé acu **praghasleaisteach** nó **praghas-neamhleaisteach** atá an t-éileamh ar cheirisín.

**1 @ 1**

**Tá sé leaisteach** (tá an Ríomh Praghasleaisteachas Éileamh níos mó ná 1 i dtéarmaí absalóideacha).

**4** Líon isteach na spásanna folmha thíos agus freagair an cheist a leanas.
Taispeáin do chuid oibre.

| **Líon na Málaí Criospaí a thomhlaítear** | 1 | 2 | 3 | 4 |
|---|---|---|---|---|
| **Áirgiúlacht Iomlán ina hAonaid/Util** | 10 | 25 | 38 | 47 |
| **Áirgiúlacht Imeallach ina hAonaid/Util** | 10 | 15 | **13** | **9** |

38 – 25 = 13
47 – 38 = 9

Bunaithe ar an tábla thuas: Cén pointe ina dtosaíonn an áirgiúlacht imeallach laghdaitheach?

**6 @ 2**

**I ndiaidh don 2ú ceann** *nó* **roimh an 3ú ceann a thomhailt.**

**1 @ 3**

**5** Chuir Sony **an Playstation 5 (PS5)** ar an margadh in 2020.
Ainmnigh **earra ionaid maith** don earra seo agus mínigh do fhreagra.

**Ainm: Microsoft Xbox, Nintendo Switch**

**1 @ 9**


Earraí a shásaíonn na riachtanais chéanna le hearraí eile.
Earraí ar féidir iad a thomhailt /úsáid in áit earraí eile/ difríocht bheag idir na hearraí.
Earraí ar féidir iad a úsáid mar earraí malartacha dá chéile.

**1 @ 6**

**6** **Freagair (a) nó (b)**

**(a)**

**T**aispeántar sa léaráid thíos Sreabhadh Ciorclach an Ioncaim i ngeilleagar oscailte gan an rialtas.
Cuir in iúl cad dó a seasann na huimhreacha 1-3.




| | |
|---|---|
| 1. | **Ioncaim chun na tosca táirgeachta a sholáthar** |
| 2. | **Coigilteas** |
| 3. | **Easpórtálacha** |

**1 @ 9**
**2 @ 3**

**NÓ**

**(b)** Mínigh céard a chiallaíonn an téarma **easpórtáil dhofheicthe**. Tabhair shampla di.

**1 @ 9**

Míniú: seirbhísí a dhíoltar le tíortha eile

Sampla: Mic léinn ón iasacht (Spáinneach) in Éirinn don samhradh/
Banna ceoil Éireannach ag déanamh ceolchoirme san Eoraip e.g. Maidrid


**1 @ 6**

**7** Agus na figiúirí seo a leanas á n-úsáid agat, **ríomh** an staid bhuiséid a bhfuiltear ag súil léi in Éirinn in 2022. Cuir in iúl cé acu **barrachas nó easnamh** atá ann.

| | |
|---|---|
| **Ioncam iomlán: €87.5 billion** | **Caiteachas iomlán: €86.1 billion** |

Ioncam Iomlán (€87.5 bn) - Caiteachas Iomlán (€86.1 bn) = €1.4bn. **Barrachas**

**5 @ 3**

| | | |
|---|---|---|
| **8** | Tá sé tuartha go bhféadfadh titim suas le 80% a bheith sa turasóireacht i samhradh 2021.<br>Curtha in oiriúint ó The Irish Times<br><br>Agus tú ag baint úsáide as an léaráid thíos, léirigh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an ráiteas thuas ar an **éileamh** ar chóistí/charranna ar cíos in Éirinn. Mínigh do fhreagra.<br><br><br><br>Míniú:<br>Agus laghdú tagtha ar líon na dturasóirí a thugann cuairt ar Éirinn beidh laghdú ar an éileamh chun cóistí a úsáid agus /nó níos lú turasóirí ag úsáid seirbhísí carranna ar cíos. | Éileamh athrú ar chlé<br>**9**<br><br>**6**<br>**(3 + 3)** |
| **9** | **Freagair (a) nó (b)**<br><br>Ainmnigh 3 ghallán na hinbhuanaitheachta.<br><br>**1. Sóisialta**<br>**2. Sochar eacnamaíochta**<br>**3. Sochar timpeallachta**<br><br>**NÓ**<br><br>**(b)** Mínigh, agus **dhá** shampla ábhartha á n-úsáid agat, an dóigh a bhféadfadh duine roghanna atá níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, a dhéanamh.<br><br>**1. Níos mó athchúrsála a dhéanamh. An tsaoráid áitiúil athchúrsála a úsáid.**<br>**2. Truailliú aeir a laghdú – iompar poiblí a úsáid.**<br>**3. Níos mó siúil agus an carr a úsáid níos lú.**<br>**4. Súil a choinneáil ar an saghas breosla a úsáideann tú.** | **1 @ 9**<br>**2 @ 3**<br><br>**1 @ 9**<br>**1 @ 6** |

| | | |
|---|---|---|
| **10** | **Freagair (a) nó (b)**<br><br>Léirítear i sonraí POS go dtuilleann **oibrithe san earnáil phoiblí** níos mó ná **oibrithe san earnáil** phríobháideach ar an mean.<br><br>Arna chur in oiriúint ón POS<br><br>(a) Mínigh na téarmaí a bhfuil cló trom orthu thuas.<br><br>Oibrithe san earnáil phoiblí:<br>**Daoine atá fostaithe agus a n-íocann an Rialtas a dtuarastal leo.**<br><br>Oibrithe san earnáil phríobháideach:<br>**Daoine atá fostaithe ag daoine nó cuideachtaí príobháideacha.**<br><br>**NÓ**<br><br>(b) Mínigh **cúis amháin** cén fáth a n-íoctar pá éagsúil ar phoist éagsúla.<br><br>**Scileanna éagsúla** Tá difríocht idir na scileanna a bhaineann le poist éagsúla agus tá an pá ar aon dul leis an leibhéal scile atá i gceist e.g. faigheann dochtúir ráta níos airde pá ná altra.<br><br>**Oiliúint:** Gheobhaidh oibrithe a gcuirtear oiliúint orthu ar feadh tréimhsí fada rátaí níos airde pá e.g. gheobhaidh altra a théann faoi oiliúint agus a gcuirtear oiliúint speisialaithe uirthi pá níos airde.<br><br>**Cáilíochtaí oideachais:** Is iondúil go léiríonn leibhéil tuarastail na cáilíochtaí oideachais atá bainte amach ag an oibrí.<br><br>**Cineál & Coinníollacha an phoist:** D'fhéadfadh sé go mbeadh difríocht anseo idir poist agus léireoidh leibhéil phá an méid seo e.g. d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar ag obair chontúirteach, uaireanta míshóisialta agus cineál sealadach an phoist ar leibhéil phá.<br><br>**Láidreacht Idirbheartaíochta cheardchumann na n-oibrithe:** Más ball é oibrí de cheardchumann láidir b'fhéidir go bhfaigheadh an ceardchumann seo leibhéil tuarastail a bheadh ar aon dul le táirgiúlacht imeallach ioncaim oibrithe.<br><br>**Traidisiúin a bhaineann le poist áirithe:** Bhí daoine a bhí páirteach i ngairmeacha féinrialaitheacha i.e. iad siúd i ngairmeacha dlí / cuntasaíochta in ann leibhéil phá a choinneáil ard mar gheall ar an traidisiún a bhaineann le gairmeacha den saghas sin.<br><br>**Buanna ó nádúr bheith ag duine** Tá buanna áirithe ó nádúr ag roinnt daoine agus mar sin is féidir leo ioncaim fhíorarda a thuilleamh e.g. réaltaí spóirt, daoine atá i dtionscal na siamsaíochta.<br><br>**Laofacht Inscne:** In ainneoin reachtaíochta tá laofacht fós ann maidir le híocaíocht na mban i bhfórsa saothair na hÉireann. Tuilleann oibrithe ar mná iad tuairim is 80% den mhéid a thuilleann a gcomhghleacaithe ar fir iad in Éirinn. | <br><br><br><br><br><br>**1 @ 9**<br><br>**1 @ 6**<br><br><br><br><br><br><br><br><br><br>**1 @ 15**<br>**(9 + 6)** |

## Ceist 11

| | Freagraí féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|
| (a) | Baineadh na sonraí thíos as an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna (IFD) in 2019 agus in 2020. | |

**2019**

| 2019 | Rang | Tír | Innéacs um Fhorbairt Dhaonna. (IFD) (an luach) | Ionchas saoil tráth breithe (ina bhlianta) SDG 3 | Meánbhlianta scolaíochta (ina mblianta) SDG 4.6 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **3** | **Éire** | **0.942** | **82.1** | **12.5** |

**2020**

| 2020 | Rang | Tír | Innéacs um Fhorbairt Dhaonna. (IFD) (an luach) | Ionchas saoil tráth breithe (ina bhlianta) SDG 3 | Meánbhlianta scolaíochta (ina mblianta) SDG 4.6 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **2** | **Éire** | **0.955** | **82.3** | **12.7** |

Arna chur in oiriúint ó www.hdr.undp.org

**(a)** **(i)** Agus úsáid á baint agat as na sonraí a thaispeántar sna táblaí thuas, ríomh an **difríocht** idir rangú na hÉireann ar IFD in 2019 agus in 2020. **4 @ 3**

Cuir in iúl cé acu atá feabhas ar staid na hÉireann nó nach bhfuil.

| Difríocht i Rangú IFD (2019-2020) | Difríocht san Ionchas saoil tráth breithe | Difríocht I meánbhlianta scolaíochta | Ar tháinig feabhas ar rangú na hÉireann idir 2019 agus 2020? |
|---|---|---|---|
| **+ 1** | **+ 0.2 Bliain** | **+ 0.2** | **Tá** |

**(ii)** Bunaithe ar do chuid freagraí in **(i)** thuas, mínigh cén rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis leis an athrú ar rangú na hÉireann ar an IFD. **1 @ 8 (4 + 4)**

Tá ardú ar ionchas saoil de bharr caiteachas / infheistíocht leantach rialtais i gcúram sláinte.


Tá ardú ar mheánbhlianta scolaíochta de bharr caiteachas / infheistíocht leantach rialtais in oideachas.

**20**

| | | |
|---|---|---|
| **(b)** | **(i)** Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste **amháin** agus ar mhíbhuntáiste **amháin** a bhaineann leis an **domhandú**.<br>Cuir in iúl cén ceann atá á fhreagairt agat trí tic a chur sa bhosca thíos:<br>Buntáiste: ☐ Míbhuntáiste: ☐<br><br>**Buntáistí féideartha:**<br><br>**Fostaíocht:** Cuireann Cuideachtaí Ilnáisiúnta (CIN) poist agus scileanna ar fáil go háirithe maidir leis an easpórtáil nuair a bhíonn fórsaí saothair móra riachtanach.<br><br>**Dul chun cinn TFC:** Tugann Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide teicneolaíocht nua leo agus iad á mbunú i dtíortha<br><br>**Fás geilleagrach i dtíortha i mbéal forbartha:** Tá go leor scóipe ann do thíortha i mbéal forbartha maidir le tairbhe a bhaint as domhandú - cruthaíonn sé fostaíocht agus caighdeán maireachtála níos airde do dhaoine atá ag cur fúthu sna ceantair sin.<br><br>**Tionchair sheachthairbhe:** Cuireann cuideachtaí domhanda saibhreas agus airgeadraí eachtracha isteach in eacnamaíochtaí áitiúla - úsáidtear seo chun acmhainní agus amhábhair áitiúla a cheannach rud a spreagann ioncam breise le haghaidh gnólachtaí agus rialtais áitiúla.<br><br>**Cuireann sé borradh faoi chomórtas:** Cuireann domhandú borradh faoi chomórtas leanúnach idir tíortha ar fud an domhain - praghsanna níos lú le haghaidh tomhaltóirí.<br><br>**Feabhsuithe i dtrádáil chóir:** Laghdaigh domhandú bacainní trádála go mór idir tíortha trí tharaifí agus dhleachtanna ar iompórtálacha a choigeartú.<br><br>**Eispéiris nua:** Cuireann domhandú smaointe, eispéiris, cineálacha saoil agus cultúir nua os ár gcomhair - gaoil níos dlúithe idir tíortha.<br><br>**Caidrimh rialtais fheabhsaithe:** Cabhraíonn sé le rialtais éagsúla a thabhairt le chéile ionas gur féidir leo obair le chéile chun comhspriocanna a bhaint amach.<br><br>**Míbhuntáistí féideartha:**<br><br>**Méadaíonn sé an bhearna idir daoine saibhre agus daoine bochta -** is é an míbhuntáiste is mó go bhfuil sé ag méadú na bearna idir daoine saibhre agus daoine bochta - cuireann sé ar chumas daoine a bhfuil sainscileanna acu praghsanna níos airde a ghearradh<br><br>**Tionchar timpeallachta -** is féidir am nasc idir fadhbanna eacnamaíochta agus timpeallachta a fheiceáil go soiléir sna tionchair fhorleithne shóisialta agus eacnamaíochta ar dhífhoraoisiú agus ar thruailliú aeir.<br><br>**Seachfhoinsiú -** Mar gheall ar sheachfhoinsiú, d'fhéadfadh domhandú a poist agus a hacmhainní a cheilt ar thír iomlán.<br><br>**Tíortha níos saoire -** Tá go leor cumhacht dhiúltach ag cuideachtaí domhanda ar rialtais agus is féidir leo bheith fíoráititheach agus iad ag iarraidh orthu a bpolasaithe a leasú ar thuarastail agus ar chánacha. | **5** |
| | **(ii)** Ainmnigh **dhá** chuideachta ilnáisiúnta (CIN) atá ag feidhmiú in Éirinn.<br><br>**Apple / Google / Facebook / Coca-Cola / PayPal / Microsoft / Twitter / Intel / Pfizer/ Boston Scientific / Johnson & Johnson**. | **2 @ 3** |

| | | |
|---|---|---|
| | **(iii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a lonnaíonn CINanna in Éirinn.<br>**Fórsa saothair oilte/le Béarla ar fáil:** tá fórsa saothair mór sároilte agus il-oilte ar fáil ag gnólachtaí. Is rud an-tarraingteach é fórsa saothar le Béarla do ghnólachtaí eachtracha.<br>**Rátaí ísle cánachais:** tá an ráta cánach corparáide brabús in Éirinn ar cheann de na cinn is ísle laistigh den AE.<br>**Rochtain ar mhargadh an AE / Ballstát den Eor-airgeadra:** tá rochtain ag gnólachtaí a lonnaíonn in Éirinn ar shaorghluaiseacht a n-earraí laistigh den AE. Is ballstát de limistéar an euro í Éire agus ciallaíonn sé seo go bhfuil idirbhearta idirnáisiúnta laistigh de limistéar an euro níos saoire agus níos tarraingtí dá réir.<br>**Fáil ar dhreasachtaí stáit:** is féidir le gnólachtaí tairbhe a bhaint as deontais tharraingteacha agus dreasachtaí eile atá á gcur ar fáil ag an stát e.g. deontais ar mhaithe le taighde agus forbairt etc.<br>**Dea-chaidrimh tionscail:** mar thoradh ar chomhpháirtíochtaí sóisialta tá síocháin tionscail ann tríd is tríd, rud a chiallaíonn go bhfuil táirgeadh gan stad ar fáil do ghnólachtaí.<br>**Ráta seasmhach maidir le fás geilleagrach:** bhí ráta an fháis gheilleagraigh in Éirinn ar cheann de na rátaí ba tharraingtí laistigh den AE agus mar thoradh air sin tá muinín ann i measc infheisteoirí, a fhéachann ar Éirinn mar mhargadh tarraingteach dá n-earraí.<br>**Timpeallacht eacnamaíoch sheasmhach:** nuair a mheastar é le taobh na gcaighdeán idirnáisiúnta tá ag éirí go fíormhaith le heacnamaíocht na hÉireann. Chuir sé seo le muinín mhéadaithe ghnó a spreagann gnólachtaí chun lonnú anseo. | **2 @ 7**<br>**(3 + 4)**<br><br>**25** |
| **(c)** | **(i)** Tá an Infheistíocht Dhíreach Eachtrach (IDE; FDI sa Bhéarla) ar na rudaí is mó a chuir le fás geilleagrach na hÉireann.<br>Arna oiriúint ó www.enterprise/gov.ie<br>Mínigh an téarma **fás geilleagrach**.<br>Is é an t-ardú ar Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN)/aschur (luach earraí & seirbhísí) / ioncam náisiúnta in aghaidh an duine laistigh de thír thar thréimhse / cumas táirgthe méadaithe eacnamaíochta.<br><br>**(ii)** Mínigh cad a thuigeann tú le Gluaiseacht na Cóirthrádála.<br>Tabhair **dhá** shampla d'earraí cóirthrádála a cheannaíonn tú.<br><br>Is comhpháirtíocht í Cóirthrádáil a lorgaíonn cóir / cothroime i dtrádáil idirnáisiúnta. Ta caíonn sí le feirmeoirí ionas go mbeidh siad níos neamhspleáiche agus gan a bheith ag brath chomh mór sin ar chúnamh. Cuireann Cóirthrádáil le forbairt inbhuanaithe trí dhálaí trádála níos fearr a thairiscint do tháirgeoirí agus d'oibrithe imeallaithe agus trí chearta a dheimhniú dóibh.<br><br>Roinneann gluaiseacht na Cóirthrádála fís de dhomhan ina bhfuil ceartas, cóir agus forbairt inbhuanaithe lárnach sna struchtúir agus sna cleachtais trádála ionas gur féidir le gach duine, trína gcuid oibre, slí mhaireachtála chóir agus mhaorga a chaomhnú agus a gcumas daonna iomlán a fhorbairt.<br>**Samplaí: Bananaí/Caife/Cócó/Cadás/Bláthanna/Siúcra/Tae/Ór** | **10**<br><br>**10**<br><br>**2 @ 5**<br>**30** |

| Ceist 12 |
|---|

| | Freagraí féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|
| (a) | Taispeántar sa léaráid thíos cothromaíocht fhadtréimhseach gnólachta atá in **Iomaíocht Fhoirfe**.<br><br><br>**(i)** Scríobh amach ina iomláine gach ceann de na lipéid thuas.<br>(table below)<br>(ii) Tarlaíonn cothromaíocht ag pointe B ar an léaráid thuas.<br>**Taispeáin iad seo ar an léaráid thuas:**<br>•An praghas a ghearrfaidh an gnólacht ar a aschur (bain úsáid as lipéad **$P_1$**)<br>•An t-aschur a tháirgfidh an gnólacht i gcothromaíocht (bain úsáid as lipéad **$C_1$**)<br>•Meánchostas táirgthe an aschuir seo (bain úsáid as pointe **C2**) | **2 @ 4**<br>**1 @ 2**<br>**(10)**<br><br>**4 @ 5**<br><br>**30** |

| Lipéad | |
|---|---|
| CI | Costas Imeallach |
| MCh | Meánchostas |
| MI | Méanioncam |
| II | Ioncam Imeallach |

| | | |
|---|---|---|
| **(b)** | Taispeántar san íomhá thíos grianghraf de mhargadh na mbláthanna amuigh faoin aer ar Bhóthar na gCloch i mBaile Átha Cliath. Tá an gnólacht ag feidhmiú in iomaíocht fhoirfe ag díol táirgí aonchineálacha.<br><br>Déan plé ar **thrí** phríomhbhonn tuisceana i struchtúr margaidh den sórt seo.<br><br>**Tá a lán ceannaitheoirí sa tionscal:** ní féidir le ceannaitheoirí aonair tionchar a imirt trína g(h)níomhartha féin ar phraghas margaidh na n-earraí.<br><br>**Tá a lán díoltóirí sa tionscal**: ní féidir le díoltóir aonair tionchar a imirt, trína g(h)níomhartha féin, ar phraghas margaidh na n-earraí.<br><br>**Féachann gnólacht leis an mbrabús is mó a dhéanamh:** is é aidhm gach cuideachta an chainníocht sin a tháirgeadh ionas gurb ionann CI agus II. Féachfaidh gach cuideachta leis na costais a íoslaghdú.<br><br>**Is ann d'fhaisnéis fhoirfe:** tá gach gnólacht feasach ar na brabúis a dhéanann cuideachtaí eile sa tionscal. Tá gach tomhaltóir feasach ar na praghsanna a ghearrann gnólachtaí.<br><br>**Is ann d'iontráil agus imeacht saor in aisce sa tionscal:** níl aon bhac ar éalú ná iontráil laistigh den tionscal.<br><br>**Is earraí aonchineálacha iad na hearraí a tháirgtear:** tá na hearraí a tháirgtear mar an gcéanna / mar a chéile.<br>Níl aon ghá le fógraíocht ná le húsáid ainmneacha branda.<br><br>**Níl aon chlaonpháirteachas sa mhargadh:** ní thagann ceannaitheoirí le chéile ina ngrúpaí le ceannaitheoirí eile chun tionchar a imirt ar an bpraghas. Ní thagann díoltóirí le chéile ina ngrúpaí le díoltóirí eile chun tionchar a imirt ar an bpraghas a dhíoltar an táirge.<br><br>**Soláthar leaisteach maidir le tosca táirgeachta:** is féidir le cuideachtaí na tosca táirgeachta ganna a fháil ag praghsanna reatha. Ní ardóidh ganntanas tosca táirgeachta praghsanna. | **1 @ 9**<br>**(6 + 3)**<br><br>**2 @ 6**<br>**(3 + 3)**<br><br><br>**21** |
| **(c)** | **(i)** Tabhair breac-chuntas ar shlí **amháin** a dtéann sé chun sochair **dóibh** seo a leanas margadh a bheith in iomaíocht fhoirfe:<br>An tomhaltóir:<br>• **Praghsanna ísle:** díolann an gnólacht a tháirgí ag na praghsanna is ísle agus is féidir.<br>• **Gnáthbhrabús:** tuilleann an gnólacht gnáthbhrabúis amháin ionas nach dtiocfar i dtír ar thomhaltóirí.<br>An geilleagar ginearálta:<br>• **Gan fógraíocht:** tá na táirgí ar fad aonchineálach mar sin ní fiú fógraíocht a dhéanamh / rud a chiallaíonn nach mbeidh aon chur amú acmhainní ganna i gceist.<br>• **Spreagtar an éifeachtúlacht:** táirgeann an gnólacht ag an bpointe is lú den chuar meánchostais (níl aon chur amú acmhainní ganna i gceist). Déantar gach aonad ag an gcostas is ísle agus is féidir. Baintear uas-éifeachtúlacht amach agus mar sin níl aon chur amú amhábhar / truailliú ná ábhar dumpála.<br><br>**(ii)** D'fhéadfadh gnólachtaí atá in iomaíocht fhoirfe brabús osnormálta a ghnóthú sa ghearrthréimhse. Tabhair breac-chuntas ar an rud a d'fhéadfadh tarlú do líon na ngnólachtaí sa tionscal san fhadtréimhse. Tabhair **cúis** le do fhreagra.<br><br>Beidh gnólachtaí eile feasach ar na brabúis osnormálta atá á ngnóthú (faisnéis fhoirfe) agus tiocfaidh siad isteach sa mhargadh ag cur le líon na ngnólachtaí sa tionscal. Ní féidir le gnólachtaí atá sa mhargadh cheana féin stop a chur le gnólachtaí nua atá ag iarraidh teacht isteach sa mhargadh (níl aon bhacainní ar iontráil nó imeacht) | **1 @ 8**<br>**(4 + 4)**<br><br>**1 @ 8**<br>**(4 + 4)**<br><br>**1 @ 8**<br>**(4 + 4)**<br><br>**24** |

| Cesit 13 | | |
|---|---|---|
| | **Freagraí féideartha** | **Uas. Marc** |
| **(a)** | **(i)** Cuirtear i leith rialtas na hÉireann go bhfuil siad ag cur i gcoinne athruithe an AE ar an íosphá.<br>Arna chur in oiriúint ó RTÉ<br><br>Tabhair breac-chuntas ar an rud a chiallaíonn an téarma **íosphá**.<br>Ní mór do na fostóirí íosphá de réir an dlí íoc lena bhfostaithe de réir na huaire oibre.<br><br>**(ii)** Is féidir le rialtas úsáid a bhaint as Polasaí Fioscach chun cuidiú lena aidhmeanna eacnamaíochta a bhaint amach.<br>Mínigh céard a chiallaíonn **Polasaí Fioscach**.<br><br>**Polasaí Fioscach:** Aon ghníomhaíocht a dhéanann an rialtas a imríonn tionchar ar thráthúlacht, ar mhéid agus ar struchtúr an ioncaim agus an chaiteachais reatha.<br><br>(iii) Bíonn **polasaí airgeadaíochta** agus seachadadh na **cobhsaíochta praghsanna** ag déanamh imní do gach duine.<br>Arna chur in oiriúint ó Bhanc Ceannais na hÉireann.<br>Mínigh ceann amháin de na téarmaí atá i gcló dubh sa ráiteas thuas.<br><br>**Polasaí Airgeadaíochta:** gníomhaíochtaí a dhéanann an Banc Ceannais Eorpach a imríonn tionchar ar sholáthar airgid, rátaí úis, rochtain ar chreidiúint in Éirinn agus sa chuid eile de Limistéar an Euro.<br>**Cobhsaíocht praghsanna**: is é atá i gceist praghsanna a chothabháil ar leibhéal seasmhach/neamhathraitheach/ag seachaint boilsciú laistigh den gheilleagar. | **8**<br><br>**8**<br><br>**8**<br>**(4 +4)**<br><br>**24** |
| **(b)** | Tá sé beartaithe ag Avantcard, atá faoi úinéireacht 'Bankinter', banc Spáinneach, tosú ar mhorgáistí a thairiscint do chustaiméirí in Éirinn ar ráta seasta 2%.<br>Arna chur in oiriúint ó www.rte.ie.<br><br>**(i)** Tabhair breac-chuntas ar an tslí a rachaidh sé i bhfeidhm ar **gach** ceann acu seo a leanas má thagann iasachtóir nua morgáistí go hÉirinn<br><br>Tomhaltóirí a bheidh ag lorg morgáiste:<br>**Níos mó roghanna:** cuireann gnólacht nua a thagann isteach sa mhargadh le rogha an tomhaltóra nuair a fhéachtar le cur isteach ar mhorgáiste.<br><br>**Níos mó ioncam indiúscartha:** má thiteann rátaí úis beidh níos mó ioncam indiúscartha ag tomhaltóirí chun caitheamh ar earraí/seirbhís eile sa gheilleagar.<br><br>Rátaí úis:<br>**Rátaí úis laghdaithe:** cuireann níos mó gnólachtaí sa mhargadh leis an iomaíocht ar dócha gurb é an toradh air go dtiocfaidh ísliú ar na rátaí úis atá á ngearradh ag institiúidí airgeadais.<br><br>**(ii)** Ghearr Banc Ceannais na hÉireann fíneáil €4.1 milliún ar Stocbhróicéirí Davy.<br>Arna chur in oiriúint ó RTÉ<br><br>Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** a ngearrann Banc Ceannais na hÉireann fíneálacha den saghas sin ar institiúidí airgeadais. | **2 @ 7**<br>**(4 + 3)** |


| | | |
|---|---|---|
| | D'fhéadfadh Banc Ceannais na hÉireann aonaid rialaithe agus/nó daoine aonair a fhíneáil nach gcomhlíonann na caighdeáin iompraíochta lena bhfuiltear ag súil. Rialaíonn Banc Ceannais na hÉireann breis agus 10,000 gnólacht ag cur seirbhísí airgeadais ar fáil in Éirinn agus ar an gcoigríoch. Tá an rialachán seo ann chun cobhsaíocht praghsanna, cosaint do thomhaltóirí agus ionracas an mhargaidh a chinntiú. | **7**<br><br>**21** |

**(c)** **(i)** Luaigh an téarma a úsáidtear chun cur síos ar phraghas earraí agus seirbhísí a bheith **ag titim** i dtír. **5**

**Díbhoilsciú.**

**3 @ 6**

**(ii)** Sa léaráid thíos taispeántar an t-athrú ar na rátaí boilscithe, bunaithe ar Phraghas-Innéacs na dTomhaltóirí (PIT; CPI sa Bhéarla) ó Lúnasa go Nollaig 2020. Agus úsáid á baint agat as na sonraí sa léaráid, líon isteach an tábla thíos:




| | |
|---|---|
| Cad é an t-athrú céatadánach ar bhoilsciú i mí Dheireadh Fómhair 2020? | -1.5% |
| Cén t-**athrú** céatadánach bliantúil ar an mboilsciú a tharla idir **Lúnasa** agus **Meán Fómhair** 2020? | -0.2% |
| Cad iad na míonna ina raibh **méadú** ar an athrú céatadánach bliantúil ar an mboilsciú? | Deireadh Fómhair go Samhain<br>Samhain go Nollaig |

**(iii)** D'ardaigh na praghsanna ginearálta ar earraí agus ar sheirbhísí in Éirinn sa tréimhse 2000-2007. Mínigh cúis **amháin** a d'fhéadfadh a bheith leis an mboilsciú in Éirinn ag an am sin. **7**

Tarlaíonn **boilsciú tarraingthe éilimh** nuair is mó an t-éileamh iomlán/comhiomlán ar earraí agus seirbhísí ná an táirgeadh iomlán/comhiomlán de na hearraí agus seirbhísí sin. Tá ró-éileamh ann a tharraingíonn leibhéal an phraghais aníos.

Tarlaíonn **boilsciú costbhrú** nuair is é foinse an bhrú atá ag ardú ar phraghsanna costais éiritheacha na dtosca táirgeachta i.e. éiríonn costais gan feabhas comhfhreagrach ó thaobh táirgiúlachta de. Seachadtar an t-ardú ar chostais ar aghaidh ansin chuig tomhaltóirí i riocht praghsanna níos airde.

**Boilsciú isteach** tháinig ardú ar phraghas amhábhar iompórtáilte ón gcoigríoch agus dá thoradh sin tá ardú ar phraghas táirgí críochnaithe sa mhargadh intíre.

Tarlaíonn **boilsciú rialtas-spreagtha** nuair a ardaíonn an rialtas an leibhéal CBL agus sin is cúis leis an mboilsciú dá réir.

**30**

| Ceist 14 |
|---|

| | Freagraí féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|
| **(a)** | Tá áthas ar BSL (ESB sa Bhéarla) agus ar Bhord na Móna a fhógairt go bhfuiltear i ndiaidh teacht ar chomhaontú i dtaca le Tionscadal Abhainn Eidhní i **(dteicneolaíocht feirme gaoithe)**, ar fiú €160m é, **i dTuaisceart Chontae Mhaigh Eo**.<br>Arna chur in oiriúint ó bordnamona.ie<br><br>**(i)** An sampla de chaiteachas reatha an rialtais **nó** de chaiteachais caipitiúil an rialtais é an tionscadal thuasluaite? Mínigh do fhreagra.<br><br>Caiteachas caipitil.<br><br>Is earra caiteachais aonuaire/fadtéarmach é seo.<br>Bainfidh saoránaigh tairbhe as an bhfeirm ghaoithe go ceann blianta fada.<br><br>**(ii)** Is é caiteachas an rialtais ar thionscadal Abhainn Eidhní €160 milliún agus cuimsíonn sé seo **deischostas.**<br>Mínigh an téarma deischostas.<br><br>An costas a bhaineann le hailtéarnaigh staonta / an costas a bhaineann leis an dara rogha is fearr a ligean thart nuair a dhéanann tú cinneadh. Trí infheistiú i bhfeirm ghaoithe, tá an rialtas ag staonadh ó infheistiú i limistéar eile e.g. oideachas/sláinte. | <br><br><br><br><br><br>**7**<br><br>**7**<br><br><br>**7**<br><br><br><br>**21** |
| **(b)** | **(i)** Sainmhínigh an téarma **geilleagar measctha.**<br><br>Geilleagar a chuimsíonn gnéithe de phleanáil lárnach (páirtíocht rialtais) agus fiontraíocht phríobháideach ina chóras geilleagrach.<br><br>Imríonn an rialtas agus na margaí ról maidir le cinneadh a dhéanamh i dtaobh acmhainní a leithdháileadh.<br><br>Cé go dtáirgeann gnólachtaí príobháideacha formhór na n-earraí agus na seirbhísí den chuid is mó, bíonn páirtíocht rialtais i gceist le seirbhísí amhail slándáil, sláinte agus oideachas, mar aon le seirbhísí eile.<br><br>**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar bheart **amháin** a d'fhéadfadh rialtas na hÉireann a dhéanamh chun **gach** ceann de na haidhmeanna a leanas a bhaint amach:<br><br>Aire don Timpeallacht:<br><br>**Feachtais eolais faoi oideachas poiblí**: chun gach saoránach a spreagadh le dramhaíl a laghdú; táirgí a athúsáid agus athchúrsáil / chun feasacht a mhéadú maidir le tairbhí timpeallachta glaine/folláine.<br><br>**Cánacha a mhéadú:** ar na cleachtais sin a mbíonn tionchar diúltach acu ar an timpeallacht i.e. cáin buidéil phlaistigh; cáin cairr phríobháidigh; cáin tráchta ar charranna a thagann isteach chuig cathracha.<br><br>**Iompar poiblí a chur ar fáil / a fhóirdheonú** a spreagfadh níos mú úsáide a bhaint as agus mar sin chabhródh sé le hastaíochtaí /iompar cairr phríobháidigh a laghdú. | **8**<br><br><br><br><br><br><br><br><br><br>**8**<br>**(2 @ 4)** |

**Deontais le haghaidh úsáid fuinnimh ghréine / insliú baile / athrú chuig teicneolaíochtaí níos glaise:** a chabhróidh le bailte agus gnólachtaí a dhéanamh níos éifeachtaí agus dá thoradh beidh níos lú astaíochtaí ann chun dochar a dhéanamh don timpeallacht.

**Infheistíocht i níos mó 'féarbhealaí':** beidh níos mó measa ag saoránaigh ar an áit a bhfuil cónaí orainn agus cabhróidh sé leo aire a thabhairt don timpeallacht ar bhealach níos freagraí.

Seirbhísí Stáit a chothabháil:

**Leanúint ar aghaidh le hinfheistíocht a dhéanamh inár seirbhísí:** ionas gur féidir leo seirbhísí a chur ar fáil atá riachtanach atá á n-éileamh amhail seirbhísí sláinte / oideachais / iompair etc.

**1 @ 8**
**(4 + 4)**

**Leibhéil fostaíochta laistigh d'earnáil an stáit a chinntiú:** ciallóidh sé seo go gcothófar / go bhfeabhsófar leibhéil seirbhíse agus nach mbeidh aon seirbhís nach gcuirfear ar fáil de bharr ganntanas lucht saothair i.e. altranas agus comhairleoirí in ospidéil phoiblí.

**Údaráis áitiúla a mhaoiniú:** ionas gur féidir leo seirbhísí fíor-riachtanacha a chur ar fáil ar bhonn áitiúil amhail tithíocht; saoráidí poiblí; áiseanna áineasa etc.

**Samhail inbhuanaithe a fhorbairt ar mhaithe le seirbhísí poiblí a chistiú:** b'fhéidir go mbeadh ar an rialtas oideachas a chur ar shaoránaigh maidir leis na tairbhí a bhaineann le níos mó ranníocaíochta a dhéanamh ó thaobh cánach de ionas gur féidir seirbhísí stáit a chaomhnú / a fheabhsú.

**24**

**(c)** Sa tábla thíos taispeántar comparáid idir na cánacha a íoctar ar thuarastal €18,000 i dtíortha éagsúla. **2 @ 5**

Arna chur in oiriúint ó Institiúid Chánach na hÉireann

**An Cháin a Íoctar ar thuarastal €18,000**

| | |
|---|---|
| An Ghearmáin | €4,770 |
| An Fhrainc | €4,015 |
| UK | €2,119 |
| An Eilvéis | €1,120 |
| Éire | €510 |

**(i)** Agus úsáid á baint agat as na sonraí thuas, ainmnigh an tír ina n-íocfadh fostaí:

| | |
|---|---|
| An cháin is ísle | **Éire** |
| An cháin is airde | **An Ghearmáin** |

**5**
**5**

**(ii)** Cé acu cáin dhíreach nó cáin indíreach í Cáin Bhreisluacha?
Mínigh do fhreagra.

Cáin Indíreach.

| | | |
|---|---|---|
| | Is cáin í ar chaiteachas/idirbhearta. Ní cáin í ar ioncam.<br><br>**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a ndéanfadh rialtas na hÉireann idirghabháil sa gheilleagar.<br><br>**Fostaíocht a chur ar fáil:** cuireann an rialtas fostaíocht dhíreach ar fáil mar teastaíonn go leor daoine chun a ghníomhaíochtaí a reáchtáil, a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm.<br><br>**Leas sóisialta /saibhreas a athdháileadh:** cuireann an rialtas tacaíocht ioncaim ar fáil do dhaoine atá dífhostaithe nó nach féidir obair a dhéanamh ionas gur féidir leo foráil a dhéanamh ar a mbunriachtanais.<br><br>**Oideachas:** chun córas oideachais a chur ar fáil do shaoránaigh agus chun fórsa saothair oilte a chruthú ionas go maoiníonn an rialtas córas oideachais ábhartha agus cuimsitheach.<br><br>**Forbairt monaplachtaí a rialú:** is féidir leis an rialtas reachtaíocht a rithe chun cosc a chur le fás monaplachtaí agus chun tomhaltóirí a chosaint.<br><br>**Cuideachtaí neamhbhrabúis:** b'fhéidir gurbh é an rialtas an ghníomhaireacht is fearr chun na seirbhísí sin a chur ar fáil nach ndéanann brabús ach atá fíor-riachtanach maidir le seirbhísí a sholáthar a chabhraíonn le saoránaigh e.g. cuidiú le gnólachtaí iompair phoiblí; uisce agus córais séarachais a sholáthar.<br><br>**Infheistíocht Dhíreach Eachtrach a spreagadh:** leagann rialtas na hÉireann an-bhéim ar IDE maidir le cuidiú le fostaíocht agus easpórtálacha agus tairgeann sé dreasachtaí cánach agus deontais do Chorparáid Ilnáisiúnta (CIN) chun cuideachtaí a bhunú in Éirinn e.g. Apple.<br><br>**Cuspóirí eacnamaíochta / sóisialta a bhaint amach:** déanann an rialtas idirghabháil chun cuspóirí eacnamaíochta / sóisialta a bhaint amach seachas na cinn thuasluaite chun fás geilleagrach inbhuanaithe a bhaint amach. | **2 @ 5**<br>**(2 + 3)**<br><br><br><br><br><br><br><br><br><br>**30** |

## Ceist 15

| | Freagraí féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|

**(a)** Tharla an chéad mhéadú suntasach ar dhíolacháin díghalrán lámh le linn na ráige de Fhliú na Muc in 2009-2010.

Arna chur in oiriúint ó Pixabay

**(i)** Luaigh **dlí an tsoláthair.** Tabhair sampla mar thacaíocht le do fhreagra. — **8**

Maíonn Dlí an tSoláthair go dtiocfaidh ardú ar an gcainníocht a sholáthraítear de réir mar a thagann ardú ar phraghsanna agus de réir mar a thagann ísliú ar phraghsanna go dtiocfaidh ísliú ar an gcainníocht a sholáthraítear / tá cuar soláthair claonchuar in airde ag dlí an tsoláthair ó chlé go deas / tá caidreamh dearfach ann idir praghas an earra agus an chainníocht a sholáthraítear den earra sin.

Aon sampla cuí.

**(ii)** An mbaineann dlí an tsoláthair le díghalrán lámh in 2021? Mínigh do fhreagra. — **7**

**Tá.**

Maíonn Dlí an tSoláthair go dtiocfaidh ardú ar an gcainníocht a sholáthraítear de réir mar a thagann ardú ar phraghsanna agus de réir mar a thagann ísliú ar phraghsanna go dtiocfaidh ísliú ar an gcainníocht a sholáthraítear. B'amhlaidh an cás in 2021 mar tháinig ardú ar an bpraghas a bhí tomhaltóirí toilteanach a íoc tháinig ardú ar sholáthar (tháinig go leor táirgeoirí nua isteach sa mhargadh agus tháinig ardú ar sholáthar).


**15**


**(b)** Tá cáil ar Nike as a fheachtas fógraíochta 'Déan é go díreach' (Just do it).

**(i)** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cén léaráid a léiríonn go cruinn iarmhairt an fheachtais fhíor-rathúil fógraíochta seo éileam ar tháirgí Nike.

an tionchar a bhí ag an bhfeachtas fíor-rathúil fógraíochta seo ar

ar




éileamh tháirgí Nike.

| | |
|---|---|
| **Léaráid B** | √ |

**10**

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **(ii)** Ardaítear costas an chadáis, amhábhar a úsáidtear i dtáirgeadh Éadaí Nike. Cé acu ar chuar an éilimh **nó** ar chuar an tsoláthair a rachadh sé sin i bhfeidhm? Mínigh do fhreagra.<br><br>**Cuar an tsoláthair.**<br><br>Ardú ar phraghas cadáis, athróidh ionchur fíorthábhachtach i dtáirgeadh Éadaí Nike cuar an tsoláthair ar chlé de bharr gur ardú é ar chostas an táirgthe.<br><br>**(iii)** Tá a lán tomhaltóirí dílis do bhranda Nike. Mínigh cad a chiallaíonn **dílseacht tomhaltóirí**.<br><br>B'fhéidir go mbeadh ceangal láidir ag tomhaltóir le táirge ar leithe de bharr nósmhaireachta nó de bharr go dtaitníonn an táirge leis an tomhaltóir. Ní bheidh de thoradh ar ardú praghais an earra sin go dtomhalfaidh sé/sí níos lú den earra nó go n-iompóidh sé/sí ar earraí ionaid níos saoire. | | **8**<br><br>**7**<br><br>**10**<br><br>**35** |
| **(c)** | **(i)** Tá gach earra eacnamaíoch gann agus bíonn tionchar aige sin ar chinnteoireacht daoine i dtaca leis an gcaiteachas de. Mínigh an coincheap **ganntanas**.<br><br>Ciallaíonn ganntanas go bhfuil acmhainní teoranta nó gann. Tá úsáidí malartacha ag na hacmhainní seo níl aon teorainn lenár riachtanais. Mar sin ní mór cinntí a dhéanamh.<br><br>**(ii)** **Mínigh conas** a théann an **ganntanas** i bhfeidhm ar mo chinnteoireacht mar thomhaltóir.<br><br>Dá ghainne an t-earra / an tseirbhís ní mór don tomhaltóir praghas níos airde a íoc don earra / tseirbhís atá dé dhíth orthu. Má chloíonn an t-earra le dlí an tsoláthair de réir mar a thagann ardú ar an bpraghas tiocfaidh laghdú ar an éileamh cainníochta.<br><br>Mar gheall ar ghanntanas ní mór do thomhaltóir rogha a dhéanamh i bhfianaise na húsáide is fearr dá n-ioncam.<br><br>**(iii)** Ó d'fhág an Ríocht Aontaithe an AE bíonn taraifí le híoc ag tomhaltóirí in AE a cheannaíonn earraí ar líne ón Ríocht Aontaithe. Mínigh cad a chiallaíonn an téarma **taraif**.<br><br>**Cáin** ar **earraí iompórtáilte** ón gcoigríoch . | | **10**<br>**(7 + 3)**<br><br>**5**<br><br>**10**<br>**(7 + 3)**<br><br>**25** |

| Ceist 16 |
|---|

| C16 | Freagraí féideartha | Uas. Marc |
|---|---|---|
| **(a)** | Líon isteach an tábla thíos chun míniú a thabhairt, agus samplaí á n-úsáid agat, ar na tosca táirgeachta, seachas caipiteal, a theastaíonn chun deochanna súilíneacha a chur ar díol (Tá fachtóir amháin táirgthe curtha i gcrích duitse)<br><br>Ciallaíonn **talamh** a sholáthraíonn an dúlra a chabhraíonn leis an aschur a tháirgeadh e.g. an talamh ar a bhfuil an mhonarcha tógtha/amhábhar a úsáidtear i dtáirgeadh deochanna súilíneacha.<br><br>Ciallaíonn **saothar** an dua daonna a chaitear le táirge nó seirbhís a sholáthar e.g. na hoibrithe a tháirgeann deochanna súilíneacha.<br><br>Ciallaíonn **fiontraíocht** an toisc táirgeachta a thugann na tosca eile ar fad le chéile agus seasann sí an riosca a bhaineann le táirgeadh sa tsúil go ndéanfar brabús e.g. an t-úinéir nó an scairshealbhóir a dhéanann na cinntí agus a théann i bhfiontar maidir le táirgeadh na ndeochanna súilíneacha. | **3 @ 8**<br><br>**24** |
| **(b)** | Bhailigh rialtas na hÉireann níos mó ná €33 milliún mar chain siúcra in 2019.<br>Arna chur in oiriúint ó The Journal.ie<br><br>**(i)** Mínigh **sochar sóisialta** amháin agus **sochar eacnamaíochta** amháin a thagann as an cáin siúcra a thabhairt isteach in Éirinn.<br><br>Sochair shóisialta:<br><br>**Caitheamh bianna siúcrúla a laghdú / leibhéil mhurtaill a laghdú:** d'ardódh an cháin praghas na mbianna a bhfuil leibhéal ard siúcra iontu agus b'fhéidir go mbeadh sé seo mar dhíspreagadh maidir lena gceannach.<br><br>**Daonra níos sláintiúla:** chabhródh caitheamh laghdaithe bianna/deochanna a bhfuil méid ard siúcra iontu i measc an phobail le leibhéil mhurtaill a laghdú agus leis an daonra a dhéanamh níos sláintiúla.<br><br>**Spreagadh d'fhiontraithe:** b'fhéidir go mbeadh fiontraithe ní ba nuálaí agus moltaí malartacha níos sláintiúla a chur ar fáil do thomhaltóirí.<br><br>Sochair eacnamaíochta:<br><br>**Ioncam don stát:** bhailigh an cháin seoioncam breis agus €33 milliún don rialtas agus is féidir é seo a úsáid chun seirbhís stáit feabhsaithe a mhaoiniú.<br><br>**Cabhrú le tionscnaimh shláinte a mhaoiniú:** is féidir an t-ioncam a bailíodh a úsáid chun cláir a mhaoiniú a rachadh i ngleic le murtall go háirithe i measc an aosa óig.<br><br>**Cabhrú le costais sláinte a laghdú amach anseo:** trí cabhrú leis an tomhaltas reatha a laghdú b'fhéidir go mbeadh ní ba lú fadhbanna sláinte ann amach anseo agus dá thoradh sin caiteachas níos lú ón rialtas ar chúrsaí sláinte. | **2 @ 10**<br>**(6 + 4)** |

| | | |
|---|---|---|
| | **(ii)** Mínigh cad a chiallaíonn an téarma **Cliseadh Margaidh**.<br><br>Tarlaíonn cliseadh margaidh nuair nach leithdháiltear acmhainní eacnamaíochta go héifeachtach, de bharr nach n-oibríonn an mheicníocht phraghais go neamhfhoirfe e.g ganntanas tithíochta i ngeilleagar na hÉireann.<br><br>Is cás é cliseadh iomlán margaidh nuair nach ann do mhargadh e.g. cosaint náisiúnta.<br><br>Tarlaíonn cliseadh páirteach nuair a tháirgeann an margadh praghas nó cainníocht sholáthartha nach bhfuil sásúil e.g. déanann an rialtas idirghabháil agus cuireann sé saoráidí cúraim shláinte phoiblí ar fáil. | **7**<br>**(4 + 3)**<br><br>**27** |
| **(c)** | Ar 1 Eanáir 2020, d'fhág an Ríocht Aontaithe an AE go hoifigiúil. Tugtar Breatimeacht air sin.<br>**(i)** Déan plé ar iarmhairt eacnamaíochta **amháin** a bheidh ag an mBreatimeacht ar **gach** ceann díobh seo a leanas:<br><br>Tomhaltóirí in Éirinn:<br><br>**Praghsanna méadaithe:** D'fhéadfadh sé go mbeadh táillí CBL agus custaim ann ar sheachadadh na n-earraí ón Ríocht Aontaithe chuig Poblacht na hÉireann agus mar sin beidh earraí a iompórtáiltear ón Ríocht Aontaithe níos costasaí.<br><br>**Caighdeán maireachtála laghdaithe:** ciallaíonn an méadú ar phraghas na n-earraí/seirbhísí go mbeidh ioncam indiúscartha níos lú ag tomhaltóirí. Bíonn caighdeán maireachtála níos ísle mar thoradh air sin.<br><br>**Ionadaí iompórtála a spreagadh:** b'fhéidir go spreagfadh an t-ardú ar phraghas earraí/seirbhísí ón Ríocht Aontaithe tomhaltóirí in Éirinn chun 'siopadóireacht a dhéanamh go háitiúil' agus earraí atá táirgthe in Éirinn a cheannach seachas earraí ón Ríocht Aontaithe.<br><br>**Cearta do thomhaltóirí (Nach bhfuil san AE):** tagann earraí ceannaithe ó shuíomhanna gréasáin atá lonnaithe san AE le cearta éagsúla tomhaltóirí, orthu sin tá sé de cheart ag tomhaltóir earraí a sheoladh ar ais suas le 14 lá agus meicníochtaí éagsúla réitigh díospóidí, ach b'fhéidir nach mbainfidís seo le miondíoltóirí ar líne sa Ríocht Aontaithe.<br><br>**Ganntanas féideartha earraí:** ar cheann de na héifeachtaí ón mBreatimeacht bhí fadhbanna i slabhra an tsoláthair arbh é a thoradh ganntanas roinnt earraí ar sheilfeanna ollmhargaidh. | **2 @ 8**<br>**(4 + 4)** |

Gnólachtaí in Éirinn:

**Díolacháin / brabúis laghdaithe**: B'fhéidir go mbeadh díolacháin agus brabúis laghdaithe i ndán do ghnólachtaí na hÉireann a bhfuil taraifí féideartha rompu seans.

**Dúnadh féideartha / margaí nua:** Mura bhfuil gnólachtaí Éireannacha in ann teacht ar cheannaitheoirí malartacha b'fhéidir go mbeadh iallach ar roinnt gnólachtaí in Éirinn dúnadh. D'éirigh roinnt táirgeoirí muisiriún in Éirinn as an trádáil.

**Athlonnú féideartha sa Ríocht Aontaithe**: b'fhéidir go mbeartódh roinnt easpórtálaithe atá ag brath ar an trádáil chuig an Ríocht Aontaithe ar a ngnólacht a athlonnú sa Ríocht Aontaithe chun taraifí a sheachaint. D'fhéadfadh sé go mbeadh méadú an dífhostaíocht agus easpórtálaithe Éireannacha.

**Fadhbanna le slabhraí soláthair**: bhí roinnt deacrachtaí ag gnólachtaí Éireannacha le soláthar amhábhair / earraí de bharr deacrachtaí i gcalafoirt na Ríochta Aontaithe.

**(ii)** Tá méadú 16% ar easpórtálacha as Éirinn go dtí an Ríocht Aontaithe d'ainneoin na héiginnteachta mar gheall ar an mBreatimeacht.
Arna chur in oiriúint ó The Journal.ie

**1 @ 8**

**(4 + 4)**

Tabhair breac-chuntas ar iarmhairt **amháin** do gheilleagar na hÉireann a d'fhéadfadh a bheith ag an bhfás seo ar easpórtálacha na hÉireann.

**Cruthú fostaíochta:** is ionann easpórtálacha agus éileamh méadaithe ar earraí a tháirgtear in Éirinn, arb é a thoradh fostaíocht mhéadaithe.

**Méadú ar Olltáirgeacht Náisiúnta / fás geilleagrach:** beidh ioncaim mhéadaithe laistigh den tír mar thoradh ar an airgead a fhaightear ó easpórtálacha (infheistiú sa sreabhadh ciorclach).

**Díolacháin / brabúis mhéadaithe:** is féidir le gnólachtaí intíre cur lena ndíolacháin/lena mbrabúis trína bhfarasbarr aschuir a easpórtáil chuig margadh eachtrach / barainneacht scála.. Is féidir le hairgeadraí eachtracha cur le hacmhainní ár dtíre / cuireann sé an maoiniú ar fáil chun cabhrú le hiompórtálacha a íoc.

**Infheistíocht IDÉ a mhealladh:** cuirfidh easpórtálacha láidre leis an muinín i ngeilleagar na hÉireann agus b'fhéidir go meallfadh sé seo infheistíocht bhreise in Éirinn.

**Airgead an rialtais**: cruthóidh gníomhaíocht bhreise eacnamaíochta ioncaim bhreise chánach don Rialtas e.g. CBL / ÍMAT / cáin bhrabúis chorparáide.

**24**

# *Meánleibhéal Eacnamaíocht Tionscadal Taighde Scoláire*

Sula tosaítear marcáil léigh an Staidéar Fiosrúcháin Aonarach iomlán chun eolas a chur ar an ábhar atá le marcáil.

**Tabhair faoi deara: Bí cúramach gan phionós a thabhairt do ghontacht ealaíonta, nó chun duais a thabhairt d'fhad míchuibhiúil.**

**Ba chóir go bhfuil na tuairisceoirí seo léirmhínithe i gcomhthéacs dúshláin agus éilimh an fhiosrúcháin a roghnaigh an t-iarrthóir.**

| Roinn | An-mhaith | Maith | Réasúnta | Lag |
|---|---|---|---|---|
| **Réamhrá** | Tá an ghné fiosrúcháin soiléir agus tá fianaise ann do chomhleanúnachas.<br><br>Tá na haidhmeanna doiléir go leor i gcomhthéacs ach baineann sé roinnt riachtanais amach.<br><br>Iarracht réasúnta maith déanta ar nascadh an ghné fhiosrúcháin leis na Torthaí Foghlama. | Iarracht bunúsach ar nascadh an ghné fhiosrúcháin leis na Torthaí Foghlama.<br>Tá easpa doimhneacht agus struchtúr sa tuairisc.<br><br>Tá na haidhmeanna an-doiléir agus taispeánann sé tuiscint teoranta don téama agus an LOI.<br><br>Iarracht doiléir ar nascadh an ghné fhiosrúcháin leis na Torthaí Foghlama. | Leibhéal an-bhunúsach d'fhreagra.<br><br>Nascadh an-íseal don ghné fiosrúcháin leis an téama nó na Torthaí Foghlama.<br><br>Tá na haidhmeanna a chuirtear ar fáil an-íseal gan struchtúr. | Níl an ghné fhiosrúcháin ábhartha leis an téama nó an t-ábhar.<br><br>Níl nasc ann leis na Torthaí Foghlama.<br><br>Níl aidhmeanna ar bith curtha ar fáil. |
| **10 marc** | **8-10** | **6-7** | **4-5** | **0-3** |
| **Fianaise ar shonraí: 5 mharc** | **5** | **Bain 1 mharc muna bhfuil sonraí cainníochtúil ann.** | **Bain 1 mharc muna bhfuil 2 foinse san áireamh.** | |

| An Próiseas Taighde<br>40 marc | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **An-mhaith<br>8-10** | **Maith<br>6-7** | **Réasúnta<br>4-5** | **Lag<br>0-3** |
| **Úsáid & Anailís** | Úsáid mhaith agus anailís ar phríomh-choincheapa agus teoiric leis an ghné fhiosrúcháin. | Úsáid shimplí d'phríomh-choincheapa agus teoiric leis an ghné fhiosrúcháin. | Iarracht shimplí, cineál doiléir chun coincheap/teoiric a chuir leis an ghné fhiosrúcháin. | Níl úsáid coincheap/teoiric ar bith leis an ghné fhiosrúcháin. Tá coincheapa agus teoiric neamhábhartha leis an ghné fhiosrúcháin. |
| **Léirmhíniú & Luachái l** | Anailís agus léirmhíniú bunúsach agus luacháil ar fhoinsí eolais agus sonraí a úsáidtear.<br>Déanann na coincheapa agus teoiric a úsáidtear nascanna trialach chuig páirt don phróiseas taighde.<br>I gcásanna áirithe, is féidir go mbeidh luacháil fágtha ar lár. | Anailís & léirmhíniú an-bhunúsach agus ar fhoinsí eolais.<br>Is féidir go mbeidh luacháil fágtha ar lár.<br>Tá na coincheapa cineál ábhartha agus cuirtear iad leis an ghné fhiosrúcháin in amanna. | Tá an taighde a dhéantar ar shonraí agus foinsí eolais an-íseal a fhágann léirmhíniú bheag nó léirmhíniú ar bith. | Roghnú an-íseal d'fhoinsí taighde. Beagán fianaise do luacháil. |
| **Argóintí & Breithiúnais** | Cuirtear cuid argóintí agus breithiúnais maithe ar fáil atá nasctha ar dóigheanna chuig coincheapa agus teoiric eacnamaíochta. | Tá na hargóintí/breithiúnais a chuirtear ar fáil an-teoranta agus is féidir nach bhfuil siad ábhartha. | An-teoranta má tá argóintí nó breithiúnais ar bith curtha ar fáil. | Ní chuirtear aon argóint agus breithiúnais ar fáil. |
| **Sonraí** | Tá na foinsí eolais agus sonraí atá in úsáid ábhartha agus suas chun dáta ach an-teoranta i dtaca le cáilíocht agus caighdeán. | Tá foinsí eolais agus sonraí, má tá siad san áireamh, ábhartha go pointe agus tá féidearthacht go bhfuil cuid acu suas chun dáta. | Tá an fhianaise do na foinsí eolais a úsáidtear agus na sonraí an-teoranta agus an-doiléir.<br>Beagán fianaise. | Níl na foinsí eolais atá in úsáid nó sonraí soiléir. |
| **Marc iomlán an Phróiseas Taighde** | **31-40** | **21-30** | **11-20** | **0-10** |

| | An-mhaith | Maith | Réasúnta | Lag |
|---|---|---|---|---|
| **Conclúid** | Conclúid áirithe bunaithe go soiléir ar an anailís agus luacháil bunúsach don fhianaise le nasc maith chuig coincheapa & teoiric.<br>Cuirtear aidhmeanna beartaithe in iúl & baintear an méid is mó dóibh amach.<br>Easpa struchtúr & doimhneacht leis na moltaí.<br>Moltar ceist ábhartha/gné fiosrúcháin cineál nua. | Déantar conclúidí d'chineál éigean bunaithe ar anailís agus luacháil an-bhunúsach (má dhéantar ceachtar acu) le roinnt fianaise teoranta go bhfuil siad beagáinín nasctha le coincheapa/teoiric.<br>Baintear cuid d'aidhmeanna beartaithe amach agus déantar roinnt moltaí a thabhairt. | Déantar roinnt moltaí a thabhairt ach níl mórán fianaise chun tacaíocht a thabhairt dóibh.<br>Is féidir go bhfuil iad seo bunaithe ar ábhar neamhábhartha.<br>Cuirtear roinnt do na haidhmeanna beartaithe in iúl go pointe.<br>Athchúrsáil agus athrá eolais atá in úsáid cheana infheicthe. Is féidir go bhfuil iad seo neamhábhartha nó mícheart. | Beagáinín conclúid nó conclúid ar bith déanta gan mórán fianaise le tacaíocht a thabhairt dóibh agus ábhar neamhábhartha in úsáid.<br>Ní bhaintear aidhmeanna beartaithe amach.<br>Cuid mhór athdhéanamh agus athrá. |
| **20 marc** | **16-20** | **12-15** | **8-11** | **0-7** |
| **Machnamh** | Tá machnamh pearsanta ar an SRP le feiceáil.<br>Ceapann & machnaíonn scoláirí ar roinnt gnéithe dá bhfoghlaim.<br>Machnamh bunúsach déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar. | Iarracht déanta ar mhachnamh pearsanta bunúsach ar ghnéithe áirithe don SRP.<br>Machnamh an-bhunúsach déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar. | Faightear léargais pearsanta teoranta fríd machnamh teoranta ar an ábhar.<br>Machnamh teoranta (má dhéantar machnamh ar bith) déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar. | Níl machnamh pearsanta ar bith ann -- machnamh easnamhach. Athrá fíricí foghlamtha.<br>Léargas pearsanta ar bith déanta ar an dóigh ar athraigh a smaointí/dearcthaí nó/agus an dóigh ar fhorbair siad, a dtuairimí agus/nó iompar ina raibh tionchar déanta orthu/nó nach raibh mar thoradh ar dul i mbun an staidéar. |
| **10 marc** | **8-10** | **6-7** | **4-5** | **0-3** |
| **Cumarsáid Léiriú & Comhleanúnachas Iomlán** | Tá an SRP ciallmhar agus loighciúil go leor.<br>Tá an teanga, na coincheapa & na sonraí imeasctha go pointe chun gluais & struchtúr bunúsach a thabhairt.<br>Tá cumarsáid sonraí & eolais soiléir ach simplí.<br>Tá fianaise ann d'úrnuacht agus nuálaíocht. | Tá easpa ciall agus fócas ag an SRP.<br>Tá easpa fócas & struchtúr ag an teanga, na coincheapa & na sonraí & is féidir go mbeidh an tuairisc deacair le leanúint. Easpa comhsheasmhacht.<br>Gan mórán fianaise d'úrnuacht agus nuálaíocht. | Iarracht bhocht ag SRP loighciúil agus ciallmhar a thabhairt.<br>Tá an teanga, na coincheapa & sonraí an-íseal agus mearaithe le cuid mhór earráidí fríd.<br>Cuid fianaise nó gan fianaise d'úrnuacht agus nuálaíocht. | Níl struchtúr agus comhleanúnachas ar bith leis an SRP seo. Ábhar neamhábhartha agus earráidí mhóra.<br>Tá eolas míchruinn/bradáil sa tuairisc. |
| **15 marc** | **12-15** | **9-11** | **6-8** | **0-5** |